C/2024/2889

24.4.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/2889)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

‘BURSA SİYAH İNCİRİ / BURSA SİYAHI’

Uimh. AE: PDO-TR-02838 – 19.4.2022

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is éard atá san ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) ‘Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı’ figí úra den chineál ‘Dürdane’. Tá dath dorcha corcra ar chraiceann na dtorthaí, is dath dearg atá ar an mbia iontu, agus tá siad mór ó thaobh méide de.

Is torthaí tathagacha iad, tá siad i gcruth réidh (oblátach), agus is éasca iad a scamhadh. Is torthaí meánmhéide iad a bhfuil an cuas iontu an-bheag nó ní ann dó in aon chor. Maidir le bia na dtorthaí, tá sé daingean agus an-aramatach, agus tá blas milis aigéadach air.

Tá na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha seo a leanas ag an toradh:

— Leithead na dtorthaí: 55,0 – 65,0 mm

— Fad na dtorthaí: 45,0 – 55,0 mm

— Tiús craicinn: 1,2 – 1,8 mm

— Leithead an oistín: 8,0 – 12,0 mm

— An líon torthaí in 1 kg 11 ± 2 thoradh

— Brix: 17,00 – 18,50

— pH: 4,50 – 5,00

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim den táirgeadh a dhéanamh laistigh den limistéar geografach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is toradh íogair é 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' ar féidir leis dul ó mhaith go tapa. Ní mór an táirgeadh, an stóráil, an tsórtáil/grádú, agus pacáistiú a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe chun úire an táirge a chaomhnú, chun nach ndéanfar damáiste dó, chun tionscnamh an táirge a ráthú, agus chun rialú a áirithiú.

Déanfar na torthaí a shórtáil agus a ghrádú ar leibhéal na feirme nó ar leibhéal an chomharchumainn i limistéar tiomnaithe glan ionas nach n-éilleofar na torthaí.

Déantar na figí sórtáilte a stóráil ag + 2 °C sa stóras fuar. Is féidir figí na buainte luaithe a stóráil ar feadh suas le 25 lá agus ní féidir figí aibí a stóráil ar feadh níos mó ná 10 lá.

Ní mór 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' a phacáil i mboscaí cairtchláir/plaisteacha/adhmaid le haghaidh na dtomhaltóirí deiridh.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Sa bhreis ar an bhfaisnéis éigeantach dá bhforáiltear sa reachtaíocht maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia, ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— Ainm an ainmniúcháin 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı',

— Trádainm agus seoladh nó ainm gairid agus seoladh nó marc cláraithe an táirgeora,

— Lógó TGFC an Aontais Eorpaigh,

— Ina theannta sin, féadfar lógó 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' a úsáid ar phacáistíocht tháirgí ATFC 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı'.





4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is cúige de réigiún Marmara é Bursa, agus is as sin a ainmníodh na figí dubha a fhástar i gceantair an chúige a liostaítear thíos;

— Gemlik; Kurtul, Muratoba, Katırlı, Hamidiye, Şükriye, Feyziye, Fındıcak, Kurşunlu

— Gürsu; Kazıklı, Iğdir, Karahıdır, Dışkaya

— Karacabey; Boğazköy, Çavuşköy, Taşpınar, Yeni Karaağaç, Eski Karaağaç, Orhaniye, Ikizce, Dağkadı, Yeşiller, Bayramdere, Seyran, Çeşnigir, Ballıkaya, Çamlıca, Inkaya, Muratlı, Hürriyet, Karakoca

— Kestel; Barakfaki, Çataltepe, Kayacık

— Mustafa Kemal Paşa; Yenice, Gündoğdu, Alpagut, Karaorman, Melik, Kösehoroz, Devecikonağı, Çardakbelen, Döllük, Çavuşköy, Çamandar, Kurşunlu, Fındıcak, Bükköy, Yoncaağaç, Eskibalçık, Karacalar, Yenibalçık, Kestelek, Çaltılıbük, Osmaniye, Kazanpınar, Doğanalan, Akçapınar, Onaç, Köreken, Killik, Incealipınarı, Uğurlupınar, Taşpınar, Dorak, Işıklar, Çömlekçi, Çamlıca, Kabulbaba, Güller, Söğütalan, Kadirçeşme, Karaoğlan, Çördük

— Mudanya; Esence, Dereköy, Mesudiye, Evciler, Çamlık, Eyerci, Emirleryenicesi, Söğütpınar, Çayönü, Yalıçiftliği, Yürük Yenicesi, Zeytinbağı, Kumyaka, Hançerli, Yaman, Kaymakoba, Mirzeoba, Orhaniye, Çekrice, Yaylacık, Küçükyenice, Dedeköy, Ipekyayla, Çepni, Işıklı, Akköy, Mudanya Merkez, Güzelyalı, Altıntaş, Aydınpınar, Göynüklü, Çağrışan, Mürselköy, Ülkü, Bademli, Hasköy

— Nilüfer; Gölyazı, Fadıllı, Çatalağıl, Karacaoba, Ayvaköy, Unçukuru, Akçalar, Çaylı, Konaklı, Başköy, Hasanağa, Görükle, Yolçatı, Doğanköy, Çalı, Yaylacık, Tahtalı, Badırga

— Orhangazi; Orhangazi, Gemiç, Gürle, Yenigürle, Dutluca, Gölyaka, Akharem, Yeniköy, Üreğil, Çakırlı

— Osmangazi; Osmangazi, Nilüfer, Aksungur, Ahmetbey, Gündoğdu, Çağlayan, Ovaakça, Dürdane, Karabalçık, Selçukgazi, Seçköy, Avdancık, Demirtaş, İsmetiye

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Is fige den chineál 'Dürdane' é 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı', ar cineál áitiúil de chúige Bursa é. Ní mór síológa na gcrann figí sin a theacht ó phlandlanna atá lonnaithe sa limistéar geografach sainithe chun cobhsaíocht ghéiniteach a áirithiú, toisc go mbraitheann cáilíocht na dtorthaí go díreach ar ghnéithe géiniteacha an chineáil áitiúil agus ar thosca nádúrtha sonracha sa limistéar geografach sainithe.

Saintréith den limistéar geografach is ea na paistí machairí inar sléibhtiúil an tír-raon, agus is mar gheall air sin atá na dálaí iomchuí ann chun figí den scoth a fhás. Is iad príomhghrúpaí ithreach an limistéir ithir foraoise ghlárach, aigéad-imoibríoch, agus ithir dhonn. Is ithreacha neamhshalanda a bhfuil uigeacht chrédhúrabháin iad ithreacha an réigiúin, agus tá méideanna éagsúla aolchloiche iontu. Tá na hithreacha torthúil agus tá coinneáil mhaith uisce orthu. Le saintréithe ithreach an limistéir gheografaigh, is féidir crainn figí a fhás a bhfuil fréamhacha láidre iontu, rud a fhágann gur fearr an rochtain a bhíonn ag na crainn ar chothaithigh. Dá bhrí sin, is mó agus is milse iad na figí a fhástar sa cheantar.

Is aeráid idirthréimhseach atá ag an limistéar geografach ina bhfuil meascán de ghnéithe na Meánmhara agus na Mara Duibhe agus meastar gur conair speisialta é idir an dá réigiún. Bíonn tionchar ag an mbogthaise ard (> 90 %) le linn aibiú do na torthaí agus ag an teocht ard ar mhéid, ar thiús an chraicinn, agus seilfré na dtorthaí. Is é 68,4 % an mheán-bhogthaise bliantúil in Bursa agus mar gheall ar an leibhéal sin bog-thaise, bíonn torthaí níos mó ann agus seilfré níos faide acu. Éiríonn 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' mór agus bíonn craiceann níos tanaí aige mar gheall gur 14,6 °C an mheánteocht le linn shéasúir fáis na dtorthaí.

Bíonn gá ag na figí le huisce ó thús mhí Iúil go mí Mheán Fómhair, go háirithe nuair a thosaíonn na figí ar theacht in aibíocht. Maidir le córas báistí Bursa, is amhlaidh gur mó an méid báistí (is é 705 mm an meán bliantúil) le linn na míonna sin ann ná i réigiúin eile. Tá an bháisteach leordhóthanach agus tá dáileadh rialta ag baint léi, go háirithe le linn an tséasúir táirgthe, rud a chuireann le gnéithe sonracha an toraidh, go háirithe ó thaobh a mhéide de.

Is é an meánluas gaoithe i gcúige Bursa <4,5 ms^{-1}, agus is anoir aduaidh, anoir aneas, agus anoir anoir aduaidh a thagann an ghaoth, rud atá an-oiriúnach do tháirgeadh figí mar go bhfágann an sreabhadh aeir éadroim go bhfástar torthaí móra a bhfuil cruth mín orthu de bharr an dea-phailnithe.

Tosca daonna

Tá figí á saothrú i gcúige Bursa le fada. Tá dhá thaifead i gcartlann na nOtamánach ina luaitear 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı'; téann ceann amháin acu siar go 1913 agus téann an ceann eile siar go 1915. Próisis pailnithe atá an-tipiciúil don cheantar is ea an caiprifigiú. Murab ionann agus go leor de na figí, níl 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' féinphailnitheach. Braitheann sé ar an caprification, ar modh é chun crainn figí a phailniú go saorga. Murab ionann agus formhór na gcrann torthaí, a bhraitheann ar bheacha le haghaidh pailniú, bíonn cabhair ag teastáil ó 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' ó fhoiche sheadánach, an *Blastophaga psenes*, ar a dtugtar 'ilek' freisin. Tarlaíonn an pailniú tar éis don fhoiche a slí a dhéanamh isteach go dtí an fhige fhireann, eitilt ar shiúl, agus teagmháil leis an bhfige bhaineann. Mura ndéantar an fhige bhaineann a phailniú, titeann sí den chrann. Ós rud é gur lú na crainn fhireanna 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' ná crainn bhaineanna, tá gá le tacaíocht dhaonna sa phailniú. Tá saineolas ag táirgeoirí 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' chomh maith le teicníc arb é atá i gceist léi a áirithiú go bpioctar figí fireanna de láimh agus go gcrochtar iad i málaí ar an gcrann baineann. Cuirtear an teicníc sin i bhfeidhm idir mí an Mheithimh agus an 10 Iúil, déantar í 3 huaire eile, agus is mar gheall ar an teicníc sin agus ar an dea-phailniú a fhaigheann 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' a chruth ar leith, a mhéid, a dhath dorcha corcra, a mhilseacht, agus a chuas atá an-bheag nó nach ann dó in aon chor. Bíonn tionchar ag an bhfachtóir daonna ar sheilfré an táirge freisin. Baineann táirgeoirí na figí ach fágann siad cuid den ghas figí ar a dtugtar an 'cnaipe'. Cuireann an cnaipe sin cosc ar chaillteanas uisce sna torthaí agus is cabhair é maidir le seilfré na bhfigí a chaomhnú.

Sainiúlacht an táirge

Tá gnéithe uathúla ag figí 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' a fhágann go bhfuil difear idir iad agus figí eile de thionscnamh na Tuirce. Tá cáil orthu sa Tuirc agus in go leor áiteanna eile ar fud an domhain mar gheall ar a méid (níos mó ná an mheánfhige mar gur leithead idir 55 mm agus 65 mm atá acu), an dath corcra dorcha, é dubh geall leis, agus a milseacht

Tá na torthaí mór, cruinn agus i gcruth réidh (oblátach). Tá datha corcra dorcha ar an gcraiceann agus is éasca é a scamhadh. Is méid meánach atá sna núicléis, agus is an-bheag é an cuas torthaí inmheánach nó ní ann dó in aon chor.

De réir anailís chéadfach, figí dubha a fhástar in Bursa, is mó a ndea-bholadh dian figí, a milseacht agus daingne na bhfigí seachas na figí eile a tháirgtear sa Tuirc. Saintréith de chuid 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' is ea an cion ard siúcra (cionBrix idir 17,00 agus 18,50) chomh maith le haigéadacht shuntasach a bhfuil pH idir 4,50 agus 5,00 aici.

Nasc cúisíoch

Tagann cáilíochtaí sonracha 'Bursa Siyah İnciri / Bursa Siyahı' ó shaintréithe an limistéir gheografaigh agus ón saineolas uathúil i dtáirgeadh na fige a d'fhorbair na táirgeoirí áitiúla thar na blianta. Is iad an éagsúlacht áitiúil (síológa), an ithir agus an aeráid (teocht, bogthaise, báisteach agus gaoth) na príomhthosca tábhachtacha a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht na dtorthaí.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

—